



2025/90894

10.11.2025

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/1760, 5 Iúil 2024)

1. Ar leathanach 27, fonóta 33:

in ionad: ‘⁽³³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).’,

léitear: ‘⁽³³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).’.

2. Ar leathanach 32, in Airteagal 6(1):

in ionad: ‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go lamhálfar do mháthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 11 agus in Airteagal 22 ...’,

léitear: ‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go lamhálfar do mháthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 go 16 agus in Airteagal 22 ...’.
